

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Aitheanta Bunscoile,
Meánscoile, Pobail, agus Cuimsitheacha
agus
Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

**Scéim Saoire Bhreiteachta do Mhúinteoirí Cláraithe i
Scoileanna Aitheanta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile**

Treoraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le saoire bhreiteachta do mhúinteoirí cláraithe incháilithe atá fostaithe i bpost teagaisc ceadaithe atá á mhaoiniú go hiomlán ag airgead atá curtha ar fáil ag an Oireachtas a chur i bhfeidhm. Baineann na nósanna imeachta seo le múinteoirí atá ag fáil tuarastal incriminteach faoi chonradh buan, conradh tréimhse éiginnte (CID), nó conradh téarma shocráithe (i.e. sealadach lánaimseartha (TWT), rialta páirtaimseartha (RPT)) mar a shainmhínítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta le cur i bhfeidhm le héifeacht ón 1ú Meán Fómhar 2010 agus caithfidh gach múinteoir cloí le téarmaí na scéime saoire breiteachta atá faoi iamh.

Tá Straitéis Sláinte Ceirde curtha i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta do mhúinteoirí. Is í aidhm na straitéise seo ná sláinte an mhúinteora ina n-ionad oibre a chur chun cinn, agus í dírithe go príomha ar chosc breiteachta seachas ar leigheas. Tá an straitéis seo tugtha chun cinn i gcomhairle le ceardchumainn mhúinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta. Tá an Straitéis Sláinte Ceirde comhdhéanta de na Seirbhísí Cúnta Fostaithe agus Sláinte Ceirde do mhúinteoirí.

Cumhdaíonn an tSeirbhís Cúnta Fostaithe comhairliúchán faoi rún ar ghnéithe mar shláinte, caidrimh, méala, strus, coimhlint, eachtra chriticiúil agus tráma. Cumhdaíonn an tSeirbhís Sláinte Ceirde measúnuithe sláinte réamhfhostaíochta, tarchuir ó neamhláithreachta breiteachta, measúnuithe leighis faoi oiriúnacht d'obair agus scor de bharr drochsláinte

Is féidir eolas breise ar na Seirbhísí Cúnta Fostaithe agus Sláinte Ceirde a fháil ag www.education.ie.

Tagann an ciorclán seo in áit gach ciorcláin, meamraim, rialacha agus rialacháin maidir le saoire bhreiteachta do mhúinteoirí i scoileanna aitheanta bunscoile agus iar-bhunscoile a bhí ann roimhe seo. Cinntigh le do thoil go gcuirfear cóipeanna den ciorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Choiste Gairmoideachais agus go dtabharfar a bhfuil ann ar aird na múinteoirí ar fad atá fostaithe agat lena n-áirítear iad sin atá ar shaoire neamhláithreachta.

Is féidir a theacht ar an gclár seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Scoile – Bunscoile/Iar-Bhunscoile – Ciorcláin agus Leabhrán Eolais – Saoire Neamhláithreachta.

Ba chóir gach ceist maidir leis an gclár seo a sheoladh ar ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie

D. Tattan
Príomhoifigeach
Múinteoir/Téarmaí agus Coinníollacha SNA

11 Deireadh Fómhair 2010

P.Maloney
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla

11 Deireadh Fómhair 2010

Scéim Saoire Bhreiteachta do Mhúinteoirí Cláraithe

Sainmhínte

D'fhonn cuspóirí na scéime seo, beidh na míniúcháin atá sannaithe dóibh anseo ag na téarmaí a leanas mura léiríonn an gcomhthéacs a mhalairt:

Fostóir – ciallaíonn sin Coiste Gairmoideachais (VEC) i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobailscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó Bord Bainistíochta /an Bainisteoir an fhreagracht maidir le nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean chuig Príomhoide na scoile.

Soláthróirí Seirbhís Sláinte Ceirde (OHS) – ciallaíonn sin do sholáthróirí comhairle míochaine neamhspleácha ar shláinte saothair.

Córas Éileamh ar Líne (OLCS) – ciallaíonn sé seo an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

Earnáil Scoile – ciallaíonn sin bunscolaíocht, meánscolaíocht dheonach, pobalscolaíocht, scolaíocht chuimsitheach nó gairmscolaíocht, de réir mar is cuí.

Scoilbhliain – mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile ag tosú faoi láthair an 1ú Mean Fómhair agus ag críochnú an 31ú Lúnasa.

Múinteoir – ciallaíonn sin duine atá cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta.

An Roinn – ciallaíonn sin An Roinn Oideachais agus Scileanna.

1. Réamhrá

- 1.1 Sainmhínítear tréimhse breiteachta mar aon thréimhse ina mbíonn múinteoir neamhinniúil go liachtúil a ghnáthdualgais/gnáthdualgais múinteoireachta a dhéanamh cibé an bhfuil an scoil oscailte sa ghnáthchúrsa nó nach bhfuil.
- 1.2 Tá deonú saoire neamhláithreachta ar mhúinteoir atá breoite beartaithe chun dhóthain deis a chur ar fáil don mhúinteoir sin a theacht as an mbreiteacht agus gach a leanann í sa chaoi go mbeidh sé/sí ábalta filleadh ar a cuid/chuid dualgas gan an dóchúlacht go bhfillfidh an bhreiteacht.
- 1.3 Is féidir saoire neamhláithreachta a dheonú ar mhúinteoir nach bhfuil ábalta a cuid/cuid dualgas a fheidmiú
 - de bharr breiteachta nó gortú.
 - nuair a bheidh múinteoir as láthair chun seirbhísí liachta a fháil (i.e. Dochtúir/Fiaclóir) ar choinníoll nach bhféadfaí a leithéid de choinní a shocrú lasmuigh de ghnáthuaire oibre nó laethanta oibre.

2. Teidlíocht chuig Saoire Bhreiteachta Íoctha agus Neamhíoctha

- 2.1 Bíonn tuarastal incriminteach iníoctha go hiondúil le múinteoirí cáilithe i leith freastail ar lándualgais mhúinteoireachta.
- 2.2 Is féidir le múinteoir a bhíonn as láthair de bharr breiteacht phearsanta, cáilú do thuarastal incriminteach i leith uasmhéid de 365 lá as láthair in aon tréimhse ceithre bliana as a chéile de sheirbhís múinteoireachta. Déantar an tréimhse saoire breiteachta a ríomh go cúlghabhálach agus áirítear ann deireadh seachtaine, tráthanna dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil an múinteoir ceaptha freastal de réir an amchláir, má tharlaíonn siad laistigh den tráth a mbíonn siad as láthair.

Tá coinníollacha speisialta i gceist do mhúinteoirí a mbíonn eitinn orthu agus tá siad sin leagtha amach in Aguisín A den Chiorclán seo.

Críochnóidh teidlíocht an mhúinteora chuig saoire breiteachta, cibé íoctha nó iníoctha, ar éag an chonartha agus gan an Conradh sin a bheith athnuaite.

- 2.3 Caithfidh múinteoir, ar ídiú na tréimhse d'uasmhéid saoire breiteachta agus atá fós neamhinniúil go liachtúil chun filleadh ar a ndualgas agus ar mian leo a bpost/phost san scoil (scéim) a choinneáil, an fostóir a chur ar an eolas go bhfuil sé mar aidhm aige/aici tréimhse saoire breiteachta neamhíoctha a ghlacadh, agus is féidir leis/léi filleadh ar an múinteoireacht laistigh den tréimhse sin, má dheimhnítear iad a bheith inniúil chun sin a dhéanamh. De ghnáth níor chóir go rachadh an tréimhse seo thar 2 bhliain ón dáta a gcríochnaíonn an tsaoire breiteachta íoctha. Caithfidh múinteoir a thréimhse/tréimhse saoire bhreiteachta íoctha a ídiú sular féidir leis/léi cur isteach ar shaoire bhreiteachta neamhíoctha. Beidh deonú tréimhse saoire breiteachta neamhíoctha faoi réir teastas liachta inghlachta (féach mír 4.2) a bheith curtha ar fáil don fhostóir ar bhonn rialta (uasmhéid 3 mhí).
- 2.4 Is féidir an dara tréimhse saoire neamhíoctha a thógáil i gcásanna eisceachtúla sa chás
- an chéad tréimhse saoire neamhíoctha a bheith níos lú ná 2 bhliain agus
 - comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a bheith faighte agus
 - an dá thréimhse in éineacht a bheith níos lú ná an t-uasmhéid de 2 bhliain.
- 2.5 Roimh dheireadh an dá bhliain saoire breiteachta neamhíoctha, caithfidh fostóirí comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a lorg i dtaobh ionchas bisigh an mhúinteora agus ó thaobh fhilleadh ar an obair. Áit a meastar nach bhfuil filleadh ar an obair i gceist caithfidh an fostóir gníomh tráthúil a mheastar a bheith cuí a ghlacadh lena n-áirítear, ach ní hamháin, Conradh fostaíochta a fhoirceannadh.

3. Saoire Bhreiteachta Neamhdheimhnithe

- 3.1 Is é an t-uasmhéid laethanta saoire breiteachta neamhdheimhnithe a cheadaítear i scoilbhliain ná 7 lá.
- 3.2 Is féidir an íocaíocht i leith saoire breiteachta neamhdheimhnithe a mhodhnú nó a tharraingt siar, i ndiaidh próiseas cuí, má tharlaíonn na laethanta as

láthair go minic nó má bhíonn siad ag druidim gar don uasmhéid laethanta go rialta nó á dtógáil bliain i ndiaidh bliana.

- 3.3 Ní féidir le múinteoir tréimhse saoire breoiteachta neamhdheimhnithe a thógáil díreach i ndiaidh saoire bhreoiteachta deimhnithe.

4. Saoire bhreoiteachta deimhnithe

- 4.1 Má bhíonn múinteoir as láthair ar shaoire bhreoiteachta ar feadh níos mó ná líon údaraithe na laethanta leagtha amach in Aguisín B den imlitir seo, caithfear teastas dochtúra a sholáthar don fhostóir.

Má theipeann ar mhúinteoir deimhniú liachta a chur ar fáil don fhostóir maidir le bheith as láthair ar saoire bhreoiteachta de réir théarmaí na scéime seo, ba chóir don fhostóir teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir chun comhairle a chur air/uirthi, go ndéanfaidh an fostóir, i ndiaidh próiseas cuí, má mhainnítear an deimhniú liachta atá ag teastáil a chur isteach, an tsaoire a thairfeadh mar tréimhse saoire breoiteachta neamhcheadaithe agus tarraingeofar siar fócaíocht chuig an múinteoir go dtí go dtiocfaidh siad ar ais nó go gcomhlíonann siad an scéim agus is féidir déileáil leis sin faoi na nósanna imeachta disciplíne comhaontaithe.

- 4.2 Chun a bheith inghlactha, **caithfidh** deimhniú liachta

- an cineál breoiteachta a shonrú,
- a bheith sínithe ag liachleachtóir cáilithe atá cláraithe le Comhairle Liachta na hÉireann,
- tréimhse nach mbeidh níos faide ná mí amháin a chlúdach

- 4.3 Caithfidh fostóirí rúndacht an eolais ar fad maidir le taifid saoire breoiteachta múinteoirí aonair a chosaint agus baineann sé seo go háirithe le deimhnithe liachta.

- 4.4 I gcásanna eisceachtúla nuair nach mbíonn múinteoir ag iarraidh an cineál breoiteachta atá air/uirthi a nochtadh dá bhfostóir, ba chóir don fhostóir comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a fháil maidir leis seo.

5. Fógra faoi Shaoire Bhreoiteachta

- 5.1 Caithfidh aon mhúinteoir a bhíonn as láthair mar gheall ar bhreoiteacht fógra a thabhairt, nó socruithe cuí a dhéanamh chun go mbeidh siad ábalta fógra a thabhairt, dá bhfostóir chomh luath agus is féidir ar an gcéad lá a mbíonn siad as láthair. Ba chóir don mhúinteoir, nuair is féidir, achar is dóigh a bheifear as láthair a lua.

- 5.2 Ba chóir don fhostóir fógra faoi na neamhláithreachta saoire breoiteachta ar fad a chur isteach chuig an Roinn (ar an gCórais Éileamh ar Líne)/ chuig an gCoiste Gairmoideachais cibé ar fostaíodh nó nár fostaíodh múinteoir ionadaíoch.

- 5.3 Is féidir le múinteoir ráiteas mionsonraithe ar na hamanna a bhí siad as láthair mar gheall ar bhreoiteacht a iarraidh ar a bhfostóir. Tá an briseadh síos seo ar fáil ar an gCórais Éileamh ar Líne.

6. Filleadh ar dualgas i ndiaidh saoire breoiteachta íoctha/neamhíoctha

- 6.1 Bítear ag súil go mbíonn múinteoir inniúil chun múinteoireacht a dhéanamh sula bhfilleann siad ar dualgas i ndiaidh tréimhse as láthair mar gheall ar bhreoiteacht le nach bhfaighidh siad an bhreoiteacht arís mar gheall ar an bhfilleadh ar dualgas.
- 6.2 Tá sé de dhualgas ar an bhfostóir faoi Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair 2005, “sábháilteacht, sláinte agus leas a cuid/a chuid fostaithe ag an obair a mhéid is féidir le réasún, a chinntiú”. Tá an tSeirbhís Sláinte Ceirde bunaithe chun cuidiú leis an bhfostóir an dualgas seo a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh fostóir múinteoir a chur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde, ar mhaithe le measúnú liachta neamhspleách, má bhíonn inní réasúnach maidir le cumas an mhúinteora a chuid/cuid dualgais a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte ó thaobh an mhúinteora agus na mac léinn.
- 6.3 Ba chóir don fhostóir agus é ag déanamh tarchuir chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde an lámhleabhar nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a ghabhann leis an Treoir Seirbhís Sláinte Ceirde d’fhostóirí a leanúint.
- 6.4 Beidh ar an múinteoir comhoibriú leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde ar mhaithe le comhairle chuí a chur ar fáil don fhostóir. Mar chuid den chomhoibriú sin d’fhéadfadh go mbeadh ar an múinteoir freastal i bpearsa ar scrúdú liachta (a bheadh socraithe ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde) agus/nó tarchur a shocrú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (ó dhochtúir an mhúinteora) ar thuairisc chuimsitheach dochtúir-go-dochtúir.
- 6.5 Is ceist don tSeirbhís Sláinte Ceirde na cásanna a chinneadh ina mbeadh ar mhúinteoir freastal ar mheasúnú liachta. D’fhéadfadh stopadh/tarraingt siar tuarastail a bheith mar thoradh ar mhainneachtain múinteora comhoibriú leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde gan chúis réasúnach ar bhonn tarchur ón bhfostóir i ndiaidh próiseas cuí, agus d’fhéadfaí déileáil leo sin faoi na nósanna imeachta disciplíne comhaontaithe.
- 6.6 Caithfidh múinteoir a mbíonn sé i gceist aige nó aici filleadh ar dualgas roimh an dáta atá sonraithe ar a theastas/teastas liachta, teastas liachta óna d(h)ochtúir féin a dhearbhaíonn go bhfuil sé/sí inniúil filleadh, a chur ar fáil roimh an dáta a bhfilltear ar dualgas. Mura mbeidh teastas den sórt sin curtha ar fáil, áireofar an tréimhse iomlán atá taifeadta ar an teastas liachta mar shaoire bhreoiteachta. Ní ghlacfar le teastais inniúlachta a chuirtear ar fáil ag tráth níos déanaí mar fhianaise go raibh siad inniúil do dhualgas.
- 6.7 Is féidir le múinteoir filleadh ar dualgas i ndiaidh tréimhse saoire breoiteachta íoctha de 3 mhí as a chéile nó níos mó, nó ag tréimhse níos giorra má bhíonn inní réasúnach, más ní é go raibh, roimh fhilleadh
- teastas liachta inniúlachta sásúil ó thaobh filleadh ar dualgas curtha ar fáil ag an múinteoir agus
 - má bhíonn an fostóir sásta, i ndiaidh dó/di comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a fháil ar dtús trí tharchur liachta (féach 6.3-6.5 thíos),

maidir le inniúlacht fhisiciúil agus mheabhraí an mhúinteora chun filleadh.

6.8 Is féidir le múinteoir filleadh ar dualgas i ndiaidh tréimhse saoire breoiteachta neamhíochta, más ní é go raibh, roimh fhilleadh

- teastas liachta inniúlachta sásúil ó thaobh filleadh ar dualgas curtha ar fáil ag an múinteoir agus
- má bhíonn an fostóir sásta, i ndiaidh dó/di comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a fháil ar dtús trí tharchur liachta (féach 6.3-6.5 thíos), maidir le inniúlacht fhisiciúil agus mheabhraí an mhúinteora chun filleadh.

6.9 Sa chás ina mbeidh múinteoir as láthair ar saoire bhreoiteachta agus nach bhfilleann siad ar dualgas tréimhse réasúnach roimh thráth dúnta na scoile nó ina dhiaidh, meastar go bhfuil an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta don tráth dúnta ar fad mura

- gcuireann an múinteoir teastas liachta inniúlachta chun filleadh ar an múinteoireacht ar fáil roimh thráth dúnta na scoile nó lena linn agus
- bhfaightear comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde i leith inniúlacht an mhúinteora ó thaobh filleadh ar dualgas maidir le cibé an gcuirfear an tráth dúnta scoile nó cuid ar bith de as an áireamh agus
- measann an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil an tréimhse maidir le filleadh ar dualgas réasúnach ag cur san áireamh na himthosca liachta i gcásanna ar leith.

7. Coigeartú Tuarastail

7.1 I gcásanna ina mbeidh teidlíocht ar thuarastal ídithe roimh fhilleadh ar dualgas, ní féidir an tuarastal a thabhairt ar ais ach ón dáta a measann an tSeirbhís Sláinte Ceirde an múinteoir a bheith inniúil filleadh ar lándualgas múinteoireachta. Braitheann sin freisin ar an múinteoir filleadh ar dualgas ar an gcéad lá is féidir i ndiaidh dheimhniú ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

7.2 Ba chóir an Roinn/Coiste Gairmoideachais a chur ar an eolas ar an bpointe maidir le haon ghníomh a éilíonn tuarastal múinteora a choigeartú.

8. Inniúlacht Liachta agus ról na Comhairle Múinteoireachta

8.1 Is ábhar don Chomhairle Múinteoireachta inniúlacht liachta ó thaobh iontráil, aistriú, nó fionraí ón gComhairle Múinteoirí.

9. Scor ar Chúiseanna Drochshláinte

9.1 D'fhéadfadh múinteoir a mheasfaí a bheith neamhinniúil, ar bhonn liachta, leanúint ag múinteoireacht san fhadtárma a bheith i dteideal, ar scor tuarastail, sochair phinsin áirithe faoin scéim pinsin do mhúinteoirí agus ba chóir dóibh dul i gcomhairle le rannóg pinsin na Roinne/Coiste Gairmoideachais chun aon teidlíochtaí a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis sin a fháil amach.

10. Múinteoirí ar shaoire neamhláithreachta ar feadh níos faide ná dhá scoilbhliana iomlána.

10.1 Beidh ar mhúinteoir a bheidh ar saoire neamhláithreachta fadtréimhseach níos faide ná dhá scoilbhliain iomlána **roimh filleadh**, measúnú liachta tríd an tSeirbhís Sláinte Ceirde do mhúinteoirí a dhéanamh agus a bhaint amach.

11. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 – Teidlíochtaí Saoire Poiblí

11.1 Beidh múinteoir a bheidh as láthair ón obair ar saoire bhreiteachta deimhnithe ar lá saoire poiblí laistigh den chéad 26 seachtaine de thréimhse saoire breiteachta i dteideal saoire in lieu i ndáil leis an lá saoire poiblí. Ba chóir an tsaoire in lieu sin a ghlacadh díreach tar éis na tréimhse saoire breiteachta, nó, mar bheart eisceachtúil, ar dháta ina dhiaidh sin le comhaontú an fhostóra.

12. Iniúchadh/Fíorú

12.1 Tá sé i gceist ag an Roinn scrúduithe rialta a dhéanamh ar thaifid saoire breiteachta. Ní mór don fhostóir an cháipéisíocht go léir maidir le saoire bhreiteachta (i.e. deimhniú liachta, tarchuir shláinte ceirde, doiciméid tacaíochta eile) leis na taifid phearsanta cuí a choinneáil.

13. Eile

13.1 Ba chóir do mhúinteoirí a thabhairt ar aird go mbeifí ag sárú cuspóir sainráite na scéime seo, mar a luaitear i mír 1.2, má ghabhann múinteoir agus é/i ar saoire bhreiteachta d'aon ghníomhaíocht (lena n-áirítear taisteal thar lear) a bhféadfaí a mheas le réasún go gcuirfeadh sé as do bhiseach an mhúinteora i dtuairim na Seirbhíse Sláinte Ceirde. Ní mór cead an fhostóra a fháil sula rachaidh an múinteoir i mbun gníomhaíochta den sórt sin agus ní mór don fhostóir comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde a fháil sula ndéanfar cinneadh ar an ábhar.

13.2 Má bhítear rannpháirteach sna nithe seo a leanas agus múinteoir ar saoire bhreiteachta íochta déanfar tuarastal a scor láithreach agus déileálfar leis an ábhar faoi nósanna imeachta disciplíne:

- fostaíocht thairbheach (i.e. do luach saothair) lena n-áirítear féinhostaíocht le linn saoire íochta nó
- aon ghníomhaíocht a mbeadh drochthionchar aici ar shláinte an mhúinteora agus/nó a chumas/cumas biseach a fháil go luath i dtuairim na Seirbhíse Sláinte Ceirde.

13.3 I gcás saoire neamhíochta, caithfidh an múinteoir cead foirmiúil a fháil ón bhfostóir sula rachaidh sé nó sí i mbun aon fhostaíochta tairbhí. Caithfidh tuairisc ó dhochtúir an mhúinteora maidir le fiúntas teiripeach an mholadh a bheith i dteannta iarratais den sórt sin ar chead. Caithfidh an fostóir é a tharchur chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde le comhairle a fháil sula ndéanfar cinneadh ar fhiúntais an iarratais.

Aguisín A

Múinteoirí a bhfuil sé deimhnithe go bhfuil an eitinn orthu

Féadfar saoire bhreiteachta íochta leanúnach a dheonú ar mhúinteoir cláraithe a ndeimhnítear eitinn a bheith air/uirthi ar feadh tréimhse nach mó ná ocht mí dhéag ó dháta an chéad deimhnithe liachta a fháthmheasann an easláinte. Deonaítear an tsaoire bhreiteachta íochta as eitinn faoi réir ag na coinníollacha seo a leanas:

- go bhfuil ionchas réasúnach ann go dtiocfaidh biseach agus go bhfillfear ar mhúinteoireacht
- go gcuireann Comhchomhairleoir ospidéil aitheanta fianaise dochtúra a thugann diagnóis, cóir liachta, agus prognóis isteach
- go bhfaightear comhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde cibé an léiríonn an gearán liachta an múinteoir a bheith neamhinniúil go fisiciúil nó ó thaobh na meabhrach a chuid/cuid dualgas mar mhúinteoir a chomhlíonadh.
- sa tréimhse ceithre bliana ina dhiaidh sin nach mbeidh an tréimhse saoire breiteachta de bharr eitinne agus aon saoire breiteachta eile nuair a chuirfear le chéile iad níos mó ná 24 mí
- nach gceadófar an tréimhse saoire breiteachta íochta ocht mí dhéag ach aon uair amháin do mhúinteoir i rith a ghairm/gairm beatha.

Ní bheidh cead ag múinteoir a bhfuil eitinn air/uirthi filleadh ar dualgas múinteoireachta go dtí go gcuirfidh sé/sí deimhniú inniúlachta le filleadh ar dualgas múinteoireachta isteach agus go mbeidh sé deimhnithe go liachtúil ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil sé/sí inniúil filleadh ar lándualgais mhúinteoireachta.

Aguisín B

Ní mór teastas dochtúra a sholáthar má sháraítear na teorainneacha seo a leanas

Bunscoil agus Coiste Gairmoideachais Scoileanna

Féadfaidh muinteoirí cáilithe 3 lá as a chéile ar a mhéad de shaoire bhreiteachta a thógáil gan teastas dochtúra a sholáthar.

Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

Féadfaidh muinteoirí cáilithe 4 lá as a chéile ar a mhéad de shaoire bhreiteachta a thógáil gan teastas dochtúra a sholáthar.

Ranníocóirí Aicme A ÁSPC i ngach earnáil scoile

I gcás ranníocóirí Aicme A de ÁSPC sna earnálacha scoile ar fad, caithfidh an scoil an teastas Leasa Shóisialaigh MC1 a chur isteach chuig an Roinn seo/chuig an gCoiste Gairmoideachais tar éis tréimhse 3 lá saoire breiteachta le cur ar aghaidh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ta gá leis sin chun rialacháin ÁSPC a chomhlíonadh.